# EOLAS DO SCOILEANNA

## Ag Tuairisciú do Thuismitheoirí

D'fhorbair an CNCM an Cruthaitheoir Cárta Tuairisce agus naoi gcinn de theimpléid chárta tuairisce chun tacú le scoileanna agus iad ag cumadh tuarascálacha scríofa do thuismitheoirí mar gheall ar dhul chun cinn leanaí agus ar a ngnóthachtáil. Is féidir le scoileanna an **Cruthaitheoir Cárta Tuairisce** ar líne a úsáid chun a gcárta tuairisce féin a chruthú agus a shaincheapadh i seacht gcinn de chéimeanna simplí ag **www.reportcard.ncca.ie**, sin nó teimpléad a íoslódáil ag **www.ncca.ie**.




Tá ceithre phríomhháit ar gach cárta tuairisce chun dul chun cinn agus gnóthachtáil dalta a thuairisciú.

**A. An páiste mar fhoghlaimeoir**
**B. Forás sóisialta agus pearsanta an pháiste**
**C. Foghlaim an pháiste i gcaitheamh na bliana**
**D. Tacaíocht na dtuismitheoirí d'fhoghlaim an pháiste**

Cuirtear spás ar fáil anseo chun torthaí na dtrialacha caighdeánaithe do pháistí a thuairisciú ag deireadh ranganna 2, 4 agus 6 (Imlitir 0056/2011).

### Tuilleadh eolais

- De réir imlitir 0056/2011 ón Roinn Oideachais agus Scileanna ní mór do gach bunscoil úsáid a bhaint as cárta tuairisce ón CNCM chun tuairisciú do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil leanaí ar scoil.
- Leis an gCruthaitheoir Cárta Tuairisce féadann scoileanna a gcártaí tuairisce féin a chruthú. Seo cuid de na roghanna a thugann sé do scoileanna:
  - cártaí tuairisce Béarla, Gaeilge nó dátheangeacha a ghiniúint
  - athruithe a dhéanamh ar na ceannteidil ar gach ceann de na ceithre réimse tuairiscithe
  - freagra a lorg ar bhealaí difriúla rogha a dhéanamh as cineálacha difriúla freagraí agus scálaí rátála
  - tuairisciú ar thacaíocht foghlama/ar theagasc acmhainne
  - spás a fhágáil d'ionchur ón bpáiste
- Naoi dteimpléad cárta tuairisce atá ann agus leagan amach difriúil ar gach díobh. Tá ceannteidil ar leith ar theimpléid áirithe le boscaí ticeála; i dteimpléid eile tá an leagan amach níos oscailte agus tá spás ann do thuairimí an mhúinteora.

**NCCA**, 24 Merrion Square, Dublin 2
**T** +353 1 661 7177
**F** +353 1 661 7180
**E** info@ncca.ie
**W** www.ncca.ie

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

# EOLAS DO SCOILEANNA

## A. An Páiste mar Fhoghlaimeoir

**Nithe nár mhiste smaoineamh orthu**

- stíl foghlama an pháiste
- claonadh foghlama an pháiste
- spéis agus cur chuige
- iarracht
- aird sa rang
- coinneáil le tascanna
- caighdeán na hoibre
- cur i láthair na hoibre
- an cumas obair a dhéanamh go neamhspleách agus le páistí eile

Ag tús gach scoilbhliana ní mór do scoileanna/do mhúinteoirí an iarracht agus an caighdeán a mbeidh súil acu leo a aontú le daltaí agus lena dtuismitheoirí.

## B. Forbairt Shóisialta agus Pearsanta an Pháiste

**Nithe nár mhiste smaoineamh orthu**

- sonas ar scoil
- iompar sa rang
- an tslí a mheascann sé nó sí le páistí eile
- a íogair atá an páiste do mhothúcháin páistí eile
- iompar sa chlós
- bainistíocht agus cur in iúl a gcuid mothúchán féin

## C. Mar a Fhoghlaimíonn an Páiste i ngach Gné den Churaclam

**Nithe nár mhiste smaoineamh orthu**

- an leibhéal gnóthachtála i ngach snáithe ábhair
- spéis an pháiste san obair
- nearta agus/nó deacrachtaí ar leith
- torthaí ar scrúduithe ranga nó meán ranga, más cuí

## D. Tacaíocht na dTuismitheoirí

**Nithe nár mhiste smaoineamh orthu**

- na chéad chéimeanna i bhfoghlaim an pháiste
- moltaí nó straitéisí ar leith do thuismitheoirí ar an tacaíocht a d'fhéadfaidís a thabhairt don pháiste agus é/í ag foghlaim ag an mbaile
- féinmheasúnú an pháiste agus/nó a spriocanna foghlama féin a shocrú, más cuí

## Tuairimí

- gnóthachtáil speisialta nó a rannchuidiú sa rang a aithint
- cumas an pháiste bheith eagraithe agus réidh chun oibre a lua, mar shampla an cumas aire a thabhairt dá rudaí pearsanta
- aire a dhíriú ar ghné d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste
- abair conas a d'fhéadfadh an tuismitheoir tacú le foghlaim an pháiste i réimse ar leith den churaclam
- cuireadh a thabhairt don tuismitheoir chun dul chun cinn an pháiste a phlé

## Torthaí trialacha caighdeánaithe a thuairisciú

- torthaí ar nós scóir STen nó scóir Chaighdeánacha a thaifead
- nóta gearr a scríobh ar na torthaí

Gheofar breis eolais ar conas torthaí trialacha caighdeánaithe a thuairisciú ag:

1. Suíomh idirlín an CNCM **www.ncca.ie.** Do pháiste agus trialacha caighdeánaithe: Eolas do thuismitheoirí
2. Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna (NCCA, 2007, lgh. 60-65)
3. Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna 0056/2011

## Tinreamh

- cuirtear spás ar fáil chun a mhinice a bhí an páiste i láthair nó as láthair a thuairisciú

## Poncúlacht

- cuirtear spás ar fáil chun tuairim ghearr cháilíochtúil a thabhairt ar phoncúlacht an linbh

**NCCA**, 24 Merrion Square, Dublin 2
**T** +353 1 661 7177
**F** +353 1 661 7180
**E** info@ncca.ie
**W** www.ncca.ie

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment